


# Ceacht Leibhéil Shóisearaigh 3: Turas an Leictreachais

## Naisc Churaclaim

**OSCE › Fuinneamh agus Fórsaí › Maighnéadas agus Leictreachas**
**OSPS › Mé Féin › Sábháilteacht agus Cosaint**

## Cuspóirí

1. Breathnaigh ar úsáid an leictreachais sa ghnáthshaol laethúil
2. Aimsigh fearais a úsáideann leictreachas
3. Breathnaigh, go simplí, ar an turas a dhéanann leictreachas ó stáisiún cumhachta go dtí ár dtithe agus scoileanna

## Acmhainní

Pinn luaidhe, bileog gníomhaíochta 'Turas an Leictreachais' ar líne ar fáil ar **www.esbnetworks.ie/education** nó cóipeanna, páipéar agus fáisc-chláir (rang 1 agus 2).

## Réamhrá

- Fiafraigh de na daltaí tomhas a dhéanamh faoin topaic a bheidh á plé agaibh sa rang inniu (Leictreachas), agus tabhair leideanna
- dóibh ag baint úsáide as an eolas thíos.
- Nuair a thomhaistear i gceart é, bíodh plé agaibh mar rang iomlán maidir le leictreachas, agus breathnaigh ar an eolas sa bhosca fíricí.

### Bosca Fíricí Cluiche Leictreachais 'Cad é Féin?'

- Is cineál fuinnimh é.
- Soláthraíonn sé cumhacht le go n-oibreoidh rudaí.
- Sreabhann sé ar feadh sreang.
- Sreabhann sé tríd an aer fiú.
- Gluaiseann sé nuair a chasann tú lasc ar siúl.
- Is féidir leis tintreach a dhéanamh.
- Is féidir leis a lán rudaí i bhur scoil a chur ag obair
- (e.g. ríomhaire, soilse).
- Is féidir leis a lán rudaí sa bhaile a chur ag obair (e.g. lampa, cuisneoir, teilifís).
- Is féidir leat é a aimsiú i gceallra.

## Forbairt

Scríobh 'leictreachas sa bhaile' agus 'leictreachas ar scoil' ar an gclár in dhá cholún agus iarr ar na leanaí fearais a aimsiú do gach catagóir.

- Fiafraigh de na daltaí conas a cheapann siad go dtaistealaíonn leictreachas go dtí na fearais seo agus conas a chuireann sé iad ag obair. Tabhair leid dóibh a rá gur cineál fuinnimh é an leictreachas a thaistealaíonn ar feadh sreang chun na fearais a shroicheadh inár dtithe agus scoileanna.

## Siúlóid Leictreachais

- Tarraing comhartha dainséir leictreachais ar an gclár (féach sampla thíos). Pléigh é agus ansin mínigh go bhfuil sibh ag dul ar 'shiúlóid leictreachais' agus leag béim arís ar an tábhacht a bhaineann le fanacht sábháilte agus sibh timpeall leictreachais.
- Téigh ar shiúlóid gar do do scoil, agus iarr ar na daltaí aon chomharthaí nó rudaí a bhaineann le leictreachas a bhreacadh síos e.g. comharthaí dainséir, pollaí leictreachais, sreanga lasnairde agus mionphiléir. (D'fhéadfadh daltaí i rang a hAon agus i rang a Dó sceitsí simplí a tharraingt, ag taifeadadh cad a fheiceann siad ar an siúlóid).



***Ná déan dearmad Fan Slán i gcónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!**


# Ceacht Leibhéil Shóisearaigh 3: Turas an Leictreachais

## Ar ais sa seomra ranga

- Ar ais sa seomra ranga pléigh na rudaí a tugadh faoi deara ar an siúlóid leictreachais, ag breacadh síos aon eochairfhocail ar an gclár e.g. sreanga, pollaí, mionphiléir.
- Tarraing léaráid shimplí de 'Turas an Leictreachais' ar an gclár (mar atá sa sampla thíos). Aimsigh gach céim agus breathnaigh orthu leis na daltaí:

1. Déantar leictreachas i stáisiúin chumhachta.
2. Cuidíonn Piolóin leis an leictreachas taisteal ar feadh sreang thar achair fhada.
3. Cuidíonn pollaí adhmaid agus sreanga lasnairde leis an leictreachas a thabhairt go dtí bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann.
4. Is é atá i gceist le mionphiléir ná boscaí miotail ar an gcosán gar d'fhoirgnimh sna bailte agus sráidbhailte. Cuidíonn mionphiléir leis an leictreachas a thabhairt go dtí ár mbailte agus sráidbhailte.

## Turas an Leictreachais




## Clabhsúr

- Iarr ar na daltaí léaráid 'Turas an Leictreachais' a tharraingt agus a lipéadú ina gcóipleabhair nó íoslódáil iad ar an mbileog gníomhaíochta ar líne do na daltaí le críochnú.
- D'fhéadfadh daltaí sna Naíonáin Shóisearacha an chéim deiridh amháin a dhéanamh, den leictreachas ag taisteal ó mhionphiléir go dtí na tithe/scoileanna.

## Gníomhaíocht Bhreise

- Roinn an rang isteach i ngrúpaí, agus tabhair gach ceann díobh céim de thuras an leictreachais le léiriú. Cruthaigh taispeántas ranga.

***Ná déan dearmad dul chuig www.esbnetworks.ie/education le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreach**